Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

BUNREACHT NA COMHDHÁLA

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

I. TEIDEAL

COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE

II. AIDHM AGUS FEIDHM

Is é an príomhchuspóir atá ag an gComdháil:
Bá agus tacaíocht don Ghaeilge mar bheotheanga agus cumas inti a neartú agus a bhuanú, le go mbeidh sí á húsáid go saoráideach agus go forleathan i ngach gné de shaol mhuintir na hÉireann.

Is é feidhm don Chomdháil na heagraíochtaí Gaeilge agus cairde eile na teanga a thabhairt le chéile ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan.

Comhlíonfar an fheidhm sin trí:

(a) Obair na n-eagraíochtaí Gaeilge, an earnáil dheonach, a chomhdhlúthú d'fhonn comhpháirtíocht thorthúil a chinntiú trí chumarsáid a chothú agus aontú ar phríomhspriocanna oibre na Comhdhála

(b) bearta a dhéanamh a bheadh thar chumas na n-eagraíochtaí Gaeilge agus a rachadh chun leas na teanga

(c) tacú le heagraíochtaí eile ar mhaithe leis an Ghaeilge

(d) comhoibriú a chothú idir chairde uile na Gaeilge, agus

(e) labhairt le haontacht ar cheisteanna a mbeadh tábhacht ar leith iontu do ghluaiseacht na Gaeilge

III. STRUCHTÚR

Cuirfear na feidhmeanna sin i gcrích trí:

* cruinnithe rialta de chomhaltaí na Comhdhála.

* painéil ullmhaithe polasaí ionadaíoch ar réimsí ar shaineolaithe nó ar spriocphobail ar leith

* Mór-theacht le chéile nuair is cuí

IV. COMHDHÉANAMH

(1) *(a)* Is iad a bheidh ina mbaill den Chomhdháil ná na heagraíochtaí Gaeilge a bheidh comhpháirteach inti de thuras na huaire. Beidh ionadaí amháin ag gach ceann de na heagraíochtaí atá luaite i Sceideal A den Bhunreacht seo, mar chomhaltaí ar an gComhdháil.

(b) Féadfar cead freastal ar chruinniú/chruinnithe na Comhdhála a thairiscint d'ionadaí amháin a ainmneoidh gach painéal ar leith.

(2) **(a)** Ainmneoidh na heagraíochtaí comhpháirteacha a n-ionadaithe féin i scríbhinn mar chomhaltaí den Chomhdháil gach bliain de réir gnáis a bheidh leagtha síos i Rialacha Imeachta. Ceannairí na n-eagraíochtaí a ainmneofar mar ghnáth-nós. Ainmneoidh na heagraíochtaí chomhpháirteacha a n-ionadaithe tánaisteacha chun feidhmiú ar bhonn eisceachtúil thar a gceann de réir gnáis a bheidh leagtha síos i Rialacha Imeachta.

(b)Is comhalta é/í an tUachtarán.

(3) Féadfar ionadaíocht ar an gComdháil a thabhairt d'aon eagraíocht bhreise a
bhfuil seirbhís táirgiúil á thabhairt aige don Ghaeilge má bhíonn dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí atá i láthair ina fhábhar sin. Ní mór fógra dhá mhí a thabhairt do chomhaltaí na Comhdhála sara gcuirfear os comhair cruinnithe é de réir gnáis atá leagtha síos sna Rialacha Imeachta, chomh maith le rialacha a bhaineann le freastal agus le cinnteacht leanúnachais. Ainneoin a bhfuil ráite ag mír 4(d) sna Rialacha Imeachta ní bheidh aon éifeacht aige i gcás stádas aon cheann de bhalleagraíochtaí na Comhdhála mar a bhí cláraithe 28 Samhain 1997

(4) Leagfar gnás síos maidir le ceapadh agus scor painéal i Rialacha Imeachta.

(5) Féadfar ionadaíocht ar an gComhdháil a bhaint d'eagraíocht ar bhonn na gcúiseanna atá leagtha síos sna Rialacha Imeachta má bhíonn dhá thrian de na comhaltaí atá i láthair ina fhábhar sin. Ní mór fógra dhá mhí a thabhairt d'eagraíocht go bhfuil rún á mholadh go mbainfí ionadaíocht de. Leagfar an nós imeachta síos sna Rialacha Imeachta.

V. RIAR

(1) Ceapfaidh an Chomhdháil Uachtarán; Féadfar comhalta den Chomhdháil a cheapadh ach tromlach na gcomhaltaí i láthair a bheith ina fhábhar agus féadfar duine nach comhalta a cheapadh ach dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí atá i láthair a bheith ina fhábhar.

Tréimhse oifige trí bliana a bheidh ag an Uachtarán ach caithfear rún foirmeálta athnuachana a rith sa dara agus sa tríú bliain de réir na Rialacha Imeachta. Ní féidir níos mó ná dhá thréimse as a chéile a bheith ag aon Uachtarán.

Más comhalta den Chomhdháil a cheaptar mar Uachtarán tá cead ag eagraíocht an chomhalta sin ionadaí eile a ainmniú chun feidhmiú ar an gComhdháil thar ceann na heagraíochta.

Leagfar síos i Rialacha Imeachta rialacha faoi ainmniúchán agus toghchán Uachtaráin.

(2) Ceapfaidh an Chomhdháil painéil ionadaíoch ar réimsí ar shaineolas, nó ar spriocphobail ar leith.

I leith pé painéil a ceaptar, leagfar síos i Rialacha Imeachta na Comhdhála rialacha maidir le ceapadh, ballraíocht agus breathnadóirí, cathaoirleacht, téarmaí tagartha, tuairisciú agus gaol oibre leis an bhfeidhmeannas.

(3) Tiocfaidh an Chomhdháil le chéile uair sa ráithe ar a laghad.

(4) Féadfaidh an Chomhdháil coistí a cheapadh ó am go ham chun gnó sonraithe a dhéanamh.

I leith pé coistí a ceaptar, leagfar síos i Rialacha Imeachta na Comdhála rialacha maidir le ceapadh, ballraíocht agus breathnadóirí, cathaoirleacht, téarmaí tagartha, tuairisciú agus gaol oibre leis an bhfeidhmeannas.

(5) Vótáil

a) Rún

Éireoidh le rún ach tromlach na gcomhaltaí a chaitheann vótaí a bheith ina fhabhar, ach amháin sna cásanna a luaitear sa Bhunreacht seo, nó má shocraítear a mhalairt sna Rialacha Imeachta. Beidh gnáth-vóta agus vóta réitithe ag an Uachtarán.

b) Toghchán

Éireoidh le duine i dtoghchán ach tromlach na vótaí a chaitear a bheith faighte ag an duine sin, ach amháin sna cásanna a luaitear sa Bhunreacht seo, nó má shocraítear a mhalairt i Rialacha Imeachta. Beidh gnáth-vóta ag an Uachtarán.

c) Cead Vótála

Beidh vóta ag ionadaí an Chomhalta sa chás nach féidir leis an gComhalta a bheith i láthair don vótáil.

(6) Córam

I gcás gur gá dhá thrian de na comhaltaí atá i láthair a bheith i bhfabhar rúin, ní mór leath de na comhaltaí a bheith i láthair le haghaidh chóraim. I gcásanna eile glacfar le trian de na comhaltaí mar chóram, toghchán na hUachtaránachta san áireamh.

(7) Rialacha Imeachta
Féadfaidh an Chomhdháil rialacha imeachta nach sáraíonn an Bunreacht seo a leagan síos.

VI. LEASÚ

Féadfar an Bunreacht seo a leasú uair sa bhliain, ag an gcéad chruinniú eile tar éis toghadh an Uachtaráin, ach dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a bhíonn i láthair a bheith i bhfábhar an leasaithe agus an leasú a bheith curtha i scríbhinn chuig gach comhalta dhá mhí ar a laghad roimh an chruinniú sin.

V11 FÓGRA SCOIR

Ar iarratas i scríbhinn ó leath na mballeagraíochtaí, d'fhéadfaí Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a scor mar eagraíocht ag cruinniú urghnách a ghlaofaí chuige sin, ach dhá trian ar a laghad de na comhaltaí a bhíonn i láthair a bheith i bhfabhar scoir agus an fógra scoir a bheith curtha i scríbhinn chuig gach comhalta dhá mhí ar a laghad roimh an chruinniú sin.

Glacadh leis na leasuithe seo ag cruinniú na Comhdhála Dé Céadaoin 15 Márta 2006

Aguisín 1

An Chomhdháil

An Chomhdháil	=	Na Balleagraíochtaí
Comhalta	=	Ionadaí na balleagraíochta
Ionadaí tánaisteach	=	Ionadaí thar ceann an Chomhalta, ainmnithe ag an mballeagraíocht chun freastal ar chruinnithe na Comhdhála. Ní comhalta é/í